# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016

# EALAÍN

## Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo

### Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Máirt, 3 Bealtaine – Dé hAoine, 13 Bealtaine** **Maidin, 9.30 – 12.00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 19 Aibreán**

## Treoracha

Tá cead agat oibriú le dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, áfach. Níl cead agat áiseanna mar stionsail, teimpléid, íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.

Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás atá ann di ar do bhileog A2.
Scríobh an teideal 'Cumadóireacht Shamhlaíoch' nó 'Ábhar Neamhbheo' díreach faoi do Scrúduimhir.

Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi. Uasmhéid na bileoige: A2.

## Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

1. Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D nó E. Ba chóir duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

2. Déan **Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil cur síos orthu i gceann **amháin** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D nó E, nó a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig ionad an scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. **Ní mór é seo a dhéanamh in am do thús an scrúdaithe**. Ní mór duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.

3. Déan **Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D nó E agus a fhorbróidh tú ó cheann de na sleachta tuairisciúla sin. Ba chóir an pointe tosaigh agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl. Luaigh go soiléir cé acu **1** – Cumadóireacht Shamhlaíoch nó **2** – Ábhar Neamhbheo atá i do Chumadóireacht Theibí.

# Sleachta Tuairisciúla

## Sliocht A

Ar an chéad amharc, bhí an ceart ag mo mháthair: ba chlár suáilcí é Aix faoin ngrian loiscneach. Bhraith Aix iontach, ó ascaill cham an Cours Mirabeau a raibh fuaráin agus crainn phlána ar gach taobh di, go dtí Montagne Sainte-Victoire ina shuí go tromsmaointeach tamall soir. Bhí cuma chomh suntasach céanna ar an láthair champála inar fhanamar seal gairid. Mhothaigh sí scóipiúil, bhí ionad picnice ag a bun agus bóthar géar ag lúbarnaíl suas go hoifig an *patron*. I mbarr fána a bhí ár n-ionad agus bhí radhairc áille againn ó thuaidh agus ó dheas uaidh. Bhí boladh luibheanna thart orainn: marós agus tím a bhí ag fás fiáin timpeall orainn. Bhí an sliabh, a thug spreagadh chomh mór sin do Cézanne, díreach ag ár gcúl againn agus shuíomar an chéad tráthnóna sin ag faire go ciúin ar an athrú caolchúiseach datha, ar imireacha uile na deirge agus na bándeirge, a tháinig ar an gcarraig aolchloiche de réir mar a chuaigh an ghrian faoi san iarthar. Ba iad na spéartha iontacha a bhí mar shiamsaíocht an tráthnóna againn, iad gan scamaill, doimhneacht dhochreidte ag na réalta agus dreigítí ag cur lúcháire orainn. Ní raibh dada eile uainn.

Bhraith sé contúirteach a bheith ag machnamh air fiú amháin, ach nuair a bhíomar ag éirí an mhaidin dar gcionn bhí atmaisféar ciúin socair ann. Rud nach raibh taithí againn air. Fiú mé féin a bhí foirgthe le míchompord féin-chomhfhiosach, bhraith mé ar mo shuaimhneas agus, má fhéadaim a rá, gar do bheith ríméadach. Bhí loinnir leisciúil sa ghrian nár thairg rud ar bith ach faoiseamh ó na trioblóidí ba ghaire a bhí againn, agus shílfeadh duine go raibh an campa plódaithe le teaghlaigh Ollannacha, iad uile an-chairdiúil. Ba as áit taobh amuigh de Amsterdam dár ngarchomharsana, bhí Béarla foirfe acu agus bhí siad chomh hálainn sin go gceapfá gur amach as múnlaí a tháinig siad. Beirt pháistí a bhí ann, buachaill a bhí ar aon aois liom féin agus cailín a bhí cúpla bliain níos óige. Bhí siad donnaithe, fionn agus bríomhar. Tarraingíodh chucu mé ar an toirt.

Bhí níos mó féinmhuiníne ag an mbuachaill, Juriaan, ná mar a bhíonn ag duine dá aois agus sheasadh sé thart cuid mhaith, péire uillinneacha air agus tuáille caite thar leathghualainn aige. Ní raibh ach oiread na fríde sa chailín, Miah, í lán d'fhuinneamh agus an-tugtha do bheith ag léim suas agus anuas ar an spota mar a bheadh sí ar lingeán. Bhí an bheirt acu faoi dhraíocht ag an Land Rover a bhí againn, Bessy, rud nach bhfeicfeá ach go hannamh fós ar mhór-roinn na hEorpa. Mar sin lig Daid dóibh dul isteach ann, seasamh ar na taobhphlátaí agus suí ar an mboinéad. Thug sé céimíocht dom ar an toirt. Go tobann, agus gan súil ar bith agam leis, bhíothas ag amharc orm mar dhuine a bhí 'cool'. Bhí lúcháir an tsaoil orm. Lig mo thuismitheoirí osna faoisimh. Ba léir go raibh áthas orthu go raibh comrádaithe súgartha faighte agam: ní raibh pus orm leo le os cionn ceithre huaire fichead. Saoire i ndáiríre a bhí againn.

Bhí na háiseanna sa láthair champála thar barr. Bhí linn ollmhór ann, ionad le badmantan a imirt agus bothán clúdaithe le haghaidh leadóg bhoird, agus le cois an ghnáthshiopa a bhíonn ar láthair champála, bhí veain "beir leat" ann a bhí beag ach iontach mar sin féin, a rinne *frites* agus *crêpes*. Bhí mo chroí istigh ann. Ní fhaca mé *crêpes* á ndéanamh roimhe sin agus chuir an rud ar fad iontas orm mar a bheinn ag amharc ar bhreith na hardealaíne. Bhí taithí agam ar phancóga Briotanacha, giotaí cnapánacha de phlúr a freastalaítear ina meallta sleabhctha. Ach sa Fhrainc, b'ealaín iad na *crêpes*, ón gcéad ladar fuaidrimh go dtí an leathnú amach go tanaí ar an bpláta cruinn te, go dtí an tiontú deaslámhach leis an spadal agus an filleadh casta a d'fhág fean de ghlóir agat a bhí líonta le slám mór sólaistí. Cheap mé nárbh fhéidir ach siúcra agus líomóid a bheith agat le pancóg. Níor rith sé liom riamh go bhféadfaí iad a mhaisiú le seacláid, fraocháin, uachtar reoite, uachtar Chantilly, súnna talún, taifí agus cnónna, nó – agus chuir seo an oiread sin iontais orm – cáis agus liamhás, agus ba gheall le bheith i dtír na míorúiltí é. Ba dheacair dom é a chreidiúint.

Arna chóiriú as *The Tent, The Bucket and Me*: *My Family's Disastrous Attempts to go Camping in the 70s* le Emma Kennedy, Ebury Press, 2010.

## Sliocht B

Bhí Meereen chomh mór le hAstapor agus Yunkai le chéile. As brící a bhí sí tógtha cosúil lena comhchathracha ach áit a raibh Astapor dearg agus Yunkai buí, bhí Meereen déanta as brící ildaite. Bhí a ballaí níos airde ná ballaí Yunkai agus caoi níos fearr orthu, urdhúnta ar a bhfud agus túir mhóra chosanta á ndaingniú ag gach uillinn. Taobh thiar díobh, é ollmhór idir tú agus an spéir, bhí barr na Pirimide Móire le feiceáil, rud millteanach mór ocht gcéad troigh ar airde agus airp ábhalmhór chré-umha ar a barr. "Is rud meata an airp," a dúirt Daario Naharis nuair a chonaic sé í. "Tá croí mná inti agus cosa sicín fúithi. Is beag an t-iontas go mbíonn a cuid mac i bhfolach taobh thiar dá cuid ballaí."

Ach ní dheachaigh an laoch i bhfolach. Chuaigh sé amach ar a chapall chuig geataí na cathrach, é faoi armúr de scálaí copair agus gainge agus ina shuí ar chapall cogaidh bán. Bhí na stríocaí bándearg agus bán ar a lúireach siúd ag teacht leis an bhfallaing shíoda a bhí ar sileadh ó ghuaillí an laoich. Bhí an lansa a bhí sé a iompar ceithre troithe déag ar fad, línte bándearg agus bán ag sní thart air, agus a chuid gruaige múnlaithe, cíortha agus laicearaithe ina dá adharc reithe mhóra. Anonn agus anall leis ar a chapall ag bun na mballaí de bhrící ildaite, é ag tabhairt dhúshlán lucht an léigir curadh a chur chun tosaigh le troid aonair a dhéanamh leis.

Bhí fonn chomh mór sin ar a marcaigh fola dul ag troid leis gur bheag nár bhuail siad a chéile. "A fhuil de mo chuid fola," a dúirt Dany leo, "le m'ais atá bhur n-áit. Níl san fhear seo ach cuileog dhordánach, sin an méid. Déan neamhaird de, beidh sé imithe sula i bhfad." Ba laochra cróga iad Aggo, Jhogo agus Rakharo ach bhí siad óg, agus róluachmhar lena gcur i mbaol. Choinnigh siad a *khalasar* le chéile agus ba iad na lorgairí ab fhearr a bhí aici fosta iad.

"Ba chríonna an bealach a ndearnadh sin," a dúirt Ser Jorah agus iad ag faire ó thosach a pailliúin. "Chead ag an amadán leanúint leis ag marcaíocht anonn agus anall go n-éirí a chapall bacach. Níl sé ag déanamh aon dochair dúinn."
"Tá sé," a dúirt Arstan Whitebeard. "Ní le claimhte ná le sleánna amháin a bhuaitear cogaí, *ser*. D'fhéadfadh dhá shlua atá ar cóineart teacht le chéile ach brisfear ar cheann acu agus rithfidh siad fad is a sheasfaidh an ceann eile. Spreagann an laoch seo uchtach i gcroithe a chuid fear féin agus cuireann sé síolta an amhrais inár gcroithe-ne."
D'fhreagair Ser Jorah go giorraisc. "Agus dá gcaillfeadh ár gcuradh, cén cineál síl a chuirfeadh sin?"
"Ní bhuann fear a bhfuil eagla air roimh an troid, *ser*."
"Nílimid ag caint faoi throid. Ní osclófar doirse Meereen má thiteann an t-amadán sin. Cén fáth a gcuirfeadh duine beatha i mbaol ar mhaithe le neamhní?"
"Ar mhaithe leis an onóir, a déarfainnse."

D'fhéadfadh Dany déanamh gan a gcuid achrainn mar bharr ar na trioblóidí eile a bhí á crá. Ba mhó agus ba thromchúisí an dainséar a bhí ag baint le Meereen ná laoch bándearg agus bán amháin a bhí ag scairteadh maslaí, agus ní fhéadfadh sí ligean dá haigne dul ar seachrán. Bhí breis agus ochtó míle ina slua i ndiaidh Yunkai, ach bhí níos lú ná an cheathrú cuid díobh ina saighdiúirí. An chuid eile … bhuel, béil agus cosa fúthu a thug Ser Jorah orthu, agus ba ghairid go mbeidís stiúgtha leis an ocras.

Arna chóiriú as *Game of Thrones: a Storm of Swords* le George R. R. Martin, Voyager, 2001.

## Sliocht C

Tá dordán na mbeach ar fud shráideanna na hÉireann nó tá saithí beach ag cuardach bunáiteanna nua agus ag cur fúthu ar aghaidheanna siopaí, ar shalóin ghruagaireachta agus ar ghníomhaireachtaí eastát fiú amháin le linn d'amaitéaraigh neamhoilte a bheith ag streachailt le coirceoga nua a choinneáil faoi smacht sna bailte agus sna cathracha.

Idir mhí Aibreáin agus deireadh mhí an Mheithimh, imíonn beacha meala ar saithnín nuair a eitlíonn cráinbheach nua as a coirceog agus nuair a thugann sí leath na mbeach oibre in éineacht léi. Cuardaíonn siad lóistín sealadach le chéile a fhad is atá lorgairí na cráinbheiche ag cuardach suíomh níos buaine.

Ba ghnách na triopaill seo de bheacha a fheiceáil ar crochadh ar ghéaga faoin tuath mar a bheadh balúin iontu ach anois tá daoine ag teacht ar shaithí in áiteanna nua neamhghnácha nach mbítear ag súil leo iontu de réir mar atá faisean na beachaireachta ag fás i measc na meánaicmí uirbeacha.

Siocair a thaise agus a ghaofaire a bhí mí na Bealtaine, cuireadh as d'ardséasúr na saithí agus tá sé tosaithe i ndáiríre anois. Cuireadh fios ar bheachairí taithíocha an tseachtain seo caite chun saithí a cheapadh ar dhíon cairr sa Mhainistir Liath, Co. an Dúin, ar shimléar os cionn oifig de chuid Sherry Fitzgerald, ar shiopa Vodafone i mBaile Átha Í, Co. Chill Dara, i mbosca teileachumarsáide faoin talamh in eastát tithíochta san Uaimh agus ar shráid i nGuaire, Co. Loch Garman.

I ndeireadh mhí na Bealtaine, b'éigean an tSráid Mhór i gCill Chainnigh a dhúnadh ar feadh iarnóin iomlán an tSathairn tar éis do shaithe tuirlingt ar aghaidh M.L. Dore, caife agus deilí i lár na cathrach. Dúirt an chomhairle áitiúil leis an gcaife glaoch ar thréidlia agus ar bheachaire sa chathair chun an saithe a chrochadh leo. Dúirt fostaí sa chaife, nár theastaigh uaidh go n-aithneofaí é, "Bhí an tsráid ar fad dúnta toisc go raibh beacha ag eitilt thart. Bhí sé ar nós timpiste chairr – bhí gach duine ag iarraidh amharc orthu."

Tá gnás na beachaireachta ag fás athuair i measc an phobail uirbigh ó bhí an chuid ba mheasa den chúlú eacnamaíochta ann. Ba mhinic a bhí na daoine a chaill a bpost ag iarraidh nascadh athuair leis an dúlra agus thosaigh siad ag tabhairt aire do choirceoga agus do chuibhrinn. Dá bharr sin, tá ballraíocht Chónaidhm Chumainn Bheachairí na hÉireann dúbailte go dtí 3,500 ó bhí 2005 ann. Ach tá a lán daoine ann nach baill iad a choinníonn coirceoga i gceantair uirbeacha gan clárú le haghaidh traenála agus comhairleoireachta ag beachairí taithíocha, dar le Pilib Mac Cába, uachtarán na Cónaidhme. Nuair nach ndéanann na beachairí neamhoilte a gcoirceoga a iniúchadh gach seachtain d'fhéadfadh sé nach dtabharfaidh siad faoi deara na comharthaí go bhfuil a gcuid beach ag déanamh réidh le tabhairt faoi thuras contúirteach go dtí baile nua, nó is féidir nach dtuigeann siad gur gá a gcoilíneachtaí a scoilteadh chun saithí gan iarraidh a stopadh.

Dúirt Keith Mac Piarais, fear dóiteáin agus máistirbheachaire as Baile Átha Cliath: "Cinnte, ceapann daoine go bhfuil siad contúirteach. Bíonn eagla ó nádúr ar dhaoine roimh bheacha agus ceapann siad gur oll-ionsaí atá ann."
Dúirt Briain de Chonaráin, uachtarán Bheachairí Chill Dara Theas, nach aon údar eagla do dhaoine sna bailte próiseas nádúrtha na saithí. "Ní chuireann beacha fúthu ach in áit a fhóireann dóibh agus baileoidh siad leo nuair a gheobhaidh siad áit a fhóireann níos fearr dóibh."

Arna chóiriú as *Urban Bees take Towns by Swarm* le Gabrielle Monaghan, *The Sunday Times*, Aibreán 2015.

## Sliocht D

Má tá sé i gceist agat dul go Cúba, téigh ann go luath. Tá an t-oileán mar a bhí sé i 1959, tráth a tháinig na reibiliúnaithe Fidel Castro agus Che Guevara i gcumhacht. Seachas cúpla dealbh Stailíneach agus roinnt óstán gránna turasóireachta ó na 1970idí, tá lár Havana fós lán d'fhoirgnimh choilíneacha Spáinneacha atá ag titim go glórmhar as a chéile. Déantar na todóga a rolladh de láimh fós, caitheann na fir croiméil agus hataí panama i gcónaí, agus is é léibheann an Óstáin Nacional an áit is fearr i gcónaí le suí ag amharc ar dhaoine agus *mojito* á bhlaisínteacht agat.

Is iad an carranna is corraithí, áfach – tá sráideanna Havana lán de charranna móra Meiriceánacha ó na 1950idí. I 1960, chuir na Stáit Aontaithe páirt-trádbhac ar a chomharsa shóisialach nua agus i 1962 mhéadaigh siad go trádbhac iomlán é. Chomh maith le dochar tubaisteach a dhéanamh don gheilleagar, chiallaigh sin nárbh fhéidir carranna nua a thabhairt isteach sa tír. Dá bhrí sin, rinneadh na feithiclí a bhí acu a dheisiú agus a athspraeáil, agus coinníodh ag dul iad le páirteanna spártha a rinne siad féin, le grá agus le cúram. Tá cuid acu chomh bríomhar le ceoltóirí Chlub Sóisialta Buena Vista atá sna seachtóidí, cé go bhfuil cuid eile acu ag imeacht thart ar Havana ag casachtach agus ag tonnadh amach deatach gorm amhail is dá mbeidís ag dréim le fada an lá le dul ar scor. Meastar go bhfuil 50,000 carr mar sin ann – Chevrolet, Buick, Cadillac, Pontiac agus Ford.

Ach tá athrú tar éis teacht ar rudaí le déanaí. Tá teorainn leis an méid is féidir leis an meicneoir is díograisí a dhéanamh le carr a choinneáil ag imeacht, agus tá na carranna seo cnagaosta le fada an lá. Is gairid go mbeidh costas an deisiúcháin níos mó ná an costas a bhainfeadh lena gcaitheamh i dtraipisí agus tosú as an nua. Ag an am céanna, tá carranna níos nua-aimseartha á dtabhairt go Cúba – Toyota, Kia agus a lán iompórtálacha saora ón gCianoirthear. Agus sa deireadh, tá níos mó daoine ag tuar go n-éascóidh na Stáit Aontaithe an trádbhac go luath, ansin pléascfar an bolgán ama go deo.

Imigh leat ansin anois, mar sin, agus caith cúpla lá ag turasóireacht in Havana agus sa chuid eile de Chúba i gcarr millteanach mór. Ar an drochuair, níl cead ag eachtrannaigh na carranna seo a thiomáint ach is féidir iad a fháil ar cíos in éineacht le tiománaí, go hoifigiúil ó ghníomhaireacht nó, rud is saoire de ghnáth, ó do theach lóistín. Tá na bóithre go maith agus ní bhíonn mórán carranna thart ar chor ar bith – d'fhéadfá a bheith ag tiomáint leat ar dhébhealach gan ach cúpla feithicil eile a fheiceáil. Ar ndóigh, tá tránna ann, crainn phailme agus sleasa cnoc atá clúdaithe le dufair ach is é an rud is ansa liom féin faoi Chúba ná a bheith ag cúrsáil timpeall i sean-Chevy, an barr oscailte agus fillte siar, agus an t-atmaisféar leithleach á sú isteach agam le dul faoi na gréine. Agus mar bharr ar gach rud, toisc go gcaithfidh tú tiománaí a bheith agat, ní bhíonn rud ar bith ag teacht idir tú agus an giúmar ceart. Féadann tú stopadh agus cúpla *mojitos* agus *libres de Chúba* a shampláil feadh na slí. *Viva la Revolución!*

Arna chóiriú as *Big Earth: 101 Amazing Adventures from Long Weekends to Epic Expeditions* le Russ Malkin, Bantam Press, 2011.

## Sliocht E

B'fhéidir gur ar son radharc a bheith agam ar an bhfarraige a théim ag tráiteoireacht. San áit a bhfuil cónaí orm, mura bhfeicim an fharraige gach lá, fiú mura mbíonn ann ach deasghnáth úd a hocht a chlog ar maidin, bualadh síos chuig an gcé nóiméad mar a mbailíonn bunús gach aon duine sa bhaile seo sula dtéann siad ag obair, féachaint cén chaoi a bhfuil cúrsaí, éirím míshocair agus imníoch. Airím mar an gcéanna mura mbíonn leabhar le léamh agam, nó nuair nach mbím ag obair ar feadh cúpla lá as a chéile. Ní éirím tuirseach de bheith ag amharc ar an bhfarraige. Níl a fhios agam céard a chiallaíonn sé a bheith seasta ag amharc amach. Ní fonn taistil atá orm ná níl caitheamh i ndiaidh Eoraip mo shinsir agam. Airím i mo chuid den talamh a bhfuil cónaí orm air, ach fós féin stánaim amach ar an mblár dalltach. Agus déanann daoine eile an rud céanna, ó gach cé, ros agus carrchlós ar feadh an chósta.

Meascán den dúdhúil sin agus de ghnás na scroblála atá sa tráiteoireacht. Fearacht na farraige féin, d'fhéadfadh a lán iontas a bheith ar thrá fhada lom. Is ar thóir an ruda gan choinne a bhímse nuair a théim ag spágáil ar an ngaineamh teann bán gan foirgneamh ná duine daonna le feiceáil. Déanta na fírinne, bím ar thóir na haonarachta chomh maith, agus dóthain den ionannas chun an suaimhneas a thabhairt dom le bheith ag machnamh nó b'fhéidir ag canadh gan a bheith ag aireachtáil féin-chomhfhiosach. Ach is é an fhéidearthacht go bhfaighidh mé rud éigin ait a choinníonn ag siúl mé. Bailím baoithe, téad, bróga mara, an gnáth-mhuirchur ó iascairí a chaitheann fós leis an bhfarraige mar ionad dumpála. Piocaim suas lúibíní marfacha na sé-phacaí agus na strapaí plaisteacha a thagann i dtír séasúr i ndiaidh séasúir. I mbliana, tháinig mé ar theilifíseán a cuireadh i dtír taobh istigh de Fence Reef. Ba gheall le taispeántán é i gceann de na taispeántais ealaíne sin éadaí-nua-an Impire. Bhí an madra féin in amhras faoi.

Adhmad raice agus cruthanna áiféiseacha air, déanann sé a bhealach isteach ar bharr meallta arda feamainne a cartadh isteach i ndiaidh stoirmeacha, codanna de chrainn agus cuma choimhthíoch orthu, cásanna pacála agus script Choireallach nó carachtair Sheapánacha orthu. Fágtar sraitheanna de chuileoga gorma ina luí faoi do chosa, iad ag pléascadh ar nós mianach talún beag. Spúinsí, géaga móra coiréil agus súmairí cladaigh. Tiomáineann an ghaoth agus sruth ollmhór Leeuwin a lán créatúr as a slí: ál mór de thurtair cheannramhra óga ó Kimberley bliain amháin, bliain eile rón liopaird, é traochta agus cantalach contúirteach i ndiaidh an tsnámha neamhghnách a rinne sé ó Antartaice.

Ní bhíonn in aon rud ar dtús ach marc dubh ar an ngaineamh agus é i bhfad uait, agus is as a bheith ag déanamh iontais, ag dréim leis an bhfionnachtain, a thagann leath an phléisiúir a bhaineann leis an tráiteoireacht. Bíonn cuma ársa mhistéireach ar gach rud a fhaigheann tú. Na rudaí a thugtar abhaile ón bhfarraige agus óna himeallbhord, is geall le suaitheantais iad, briochtaí don tráiteoir. Tá na botháin chladaigh lán den stuif seo; is cineál *kitsch* os cionn tuisceana é. Cnámha crosáilte an mhíl mhóir os cionn an dorais, sliogáin na gcluas mara agus coiréil thuartha, mar a bheadh méara agus inchinní marbha, ar dhrisiúir agus ar leabhragáin. Clocha míne, giotaí gloine, capaill mhara thriomaithe, creatlacha iasc bosca agus gialla siorcanna beaga. Ní thig gáire faoi ach an té nár airigh riamh an chiall úd don rath, don tógáil intinne, nuair a chrom sé síos chun rud a phiocadh suas, rud mar a bheadh bronntanas beag ann a bhriseann loime na trá agus uaigneas na maidine.

Arna chóiriú as *Land's Edge: A Coastal Memoir* le Tim Winton, Picador, 2012.

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016

# EALAÍN

## Dearadh

## Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Máirt, 3 Bealtaine – Dé hAoine, 13 Bealtaine** **Maidin, 9:30 – 12:00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 19 Aibreán**

**Treoracha**

Tá cead agat do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula** dtosaíonn an scrúdú á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

Tá cead agat cibé meáin agus uirlisí ealaíne atá oiriúnach a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, ábhair do cholláis nó do mheáin mheasctha, rialóir, crosbhacart, scian, siosúr, gliú, etc.

**Níl cead agat** áiseanna amhairc ar bith sa bhreis air seo (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe ná obair ealaíne atá réidh le húsáid) a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do mholadh dearaidh deireanach.

Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.

Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal a ghabhann léi ar gach bileog.

**Céim 1: Bileog de Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE)**

Ní mór an Bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin a dhéanamh roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **taighde** a bheith ann. Is é is cóir a bheith ann ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu in aon mheán oiriúnach a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Is féidir líníochtaí, staidéir dhatha, agus cineálacha eile de thaighde amhairc a chur san áireamh. Tá cead agat nótaí a chur le do chuid oibre. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis nó íomhánna a gearradh amach, chomh maith le líníocht le peann, peann luaidhe, péint nó aon mheán oiriúnach eile, ní mór gach saghas oibre dá leithéid **a ghreamú go cothrom** de do Bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin.

**Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT)** **(20 marc)**

Sa scrúdú, ba chóir duit do bhileog A2 de réamhsceitsí a dhéanamh ar dtús. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir duit na smaointe atá agat ar do Bhileog de Sceitsí Ullmhúcháin **a iniúchadh**. Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T de réir mar a oireann siad don cheist atá roghnaithe agat agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Tá cead agat sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt do chuid smaointe a léiriú. **Ní mór duit do chuid oibre a dhéanamh go glan díreach ar an mbileog A2 agus gan ach sceitsí amháin a úsáid**, agus iad daite más mian leat. Níor chóir an obair a chuirtear i láthair ar do Bhileog Réamhsceitsí a chóipeáil go díreach ón mBileog de Sceitsí Ullmhúcháin. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3: An Moladh Dearaidh Deireanach** **(80 marc)**

Is le linn an scrúdaithe a chuirtear do mholadh dearaidh deireanach i gcrích. Ba chóir duit eolas ar bith a mheasann tú a bheith riachtanach chun do Mholadh Dearaidh Deireanach a chur in iúl, a chur san áireamh agus tagairt ar leith a dhéanamh do ghnéithe amhairc, feidhmiúla agus ábhartha na ceirde a roghnaigh tú, seachas d'aird a dhíriú go hiomlán ar shaothar ealaíne a chur ar fáil a mbeidh bailchríoch den scoth air.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit a mbeidh ort iad seo a leanas a chur ann:***

- do Bhileog A2 de **Sceitsí Ullmhúcháin**
- do Bhileog A2 de **Réamhsceitsí**
- do **Mholadh Dearaidh Deireanach**.

# Sleachta Tuairisciúla

## Sliocht A

Níl ach bóthar amháin sa sráidbhaile nach bhfuil duine ar bith ina chónaí air. Téann sé suas an cnoc agus thar an scaglann ola. Timpeall céad slat suas an bóthar tá clár mór comharthaí ann. Tá dhá chos chruach mar thaca faoi agus tá bolgán dearg atá cosúil le clogad mianadóra suite os cionn an liosta fhada de threoracha atá air. NÁ TÉIGH THAR AN bPOINTE SEO NUAIR ATÁ AN SOLAS AG CAOCHADH a deirtear ar an gclár comharthaí, TÉIGH CHUIG AN bhFOSCADÁN IS GAIRE DUIT AGUS FAN GO dTIOCFAIDH PEARSANRA NA SCAGLAINNE I gCABHAIR ORT. Seo an bóthar a mbeimid ag siúl air anois, an ceann is dorcha agus is tréigthe, an seans is fearr atá againn nach gcuirfear isteach orainn.

Géilleann na díoga don fhoraois ar an dá thaobh. Seasann an dair agus an fhuinseog agus an coll agus an bheith mar gharda onóra doláimhsithe. Tá siad chomh hard sin go gcromann a gcloigne i dtreo a chéile agus buaileann siad le chéile sa lár, gan ach oscailt thanaí spiacánach fágtha eatarthu trínar féidir an spéir a fheiceáil. Tá talamh na foraoise faoi bhrat aimhréidh driseacha agus raithní. Síneann campún na scaglainne le taobh amháin de. Ar an taobh eile tá paiste beag d’éadan aille, agus ansin an fharraige. Éist leis an lon dubh ag fiach feithidí faoin ngarra bhuí, éist le cnag an diúilicín nuair a scaoileann an charóg liath anuas ar an tarmac é. Anois arís tagann sí anuas de ruathar agus ardaíonn a sliogán trá agus scaoileann uaithi arís agus arís eile é nó go mbíonn scoilt mór go leor ann le gur féidir léi an súlach atá istigh ann a dhiúl amach as.

Seas i leataobh do veain an chonraitheora tógála. Anois miontochaltóir na scaglainne, lena bhuicéad de mhálaí gainimh. Uaireanta bíonn leoraithe lastais ar a mbealach chuig an scaglann le sorcóirí gáis le hiad a athlíonadh, agus uaireanta bíonn siad ag déanamh a mbealaigh ar ais ón scaglann le sorcóirí gáis nach bhfuil ach díreach líonta. Éist leo agus iad ag clingeadh in aghaidh a chéile le huchtóga an tarmac, le luascadh na n-acastóirí. Críochnaíonn an bóthar ag carrchlós na foirne, ag idirchum le hais bacainn tráchta. Ach ní stopaimid anseo, níl anseo ach an áit a n-imímid den bhóthar. Lean thar an gclaí mé agus trí lorg bonn tarracóra sa láib go dtí grua an ghoirt eorna, barr an chnoic. Is anseo a stopaimid agus a fhéachaimid siar ar an spás a bhfuilimid tar éis satailt air. Tá na simléir ag spriúchadh deataigh a bhfuil aithinní tríd isteach i spéir na maidine, tá cochall gaoithe na scaglainne ag preabadh, agus níos faide ar shiúl, féach an cuan ina iomláine agus é mar a bheadh linn ghorm ann, an sráidbhaile mar a bheadh bailiúchán de thithe bábóige ann, agus teach m’athar i lár báire, spota láidir bándearg i measc an bhéasa. An bhfeiceann tú na bachlóga glasa sna gáitéir? Is aoibhinn liom an chaoi a bhfásann an féar ar an gcaoi sin, thuas in airde ar na foirgnimh, mar a bheadh sé imithe amú. Ar an taobh eile, féach Cuan Tawny sínte amach thíos fút. Anois lean síos le fána mé, tríd an raithneach agus tríd an aiteann, chuig an trá. Anseo ag leibhéal na mara, éiríonn an féar géar agus scáinte. Lasmuigh de sin, tá sraith mhíchothrom de chlocha móra duirlinge, d’fheamainn bhoilgíneach thirim, de dhramhaíl raice, agus anois an gaineamh.

Tá bád iomartha a bhfuil damáiste déanta dó le feiceáil sa sráidbhaile. Tá duine éigin tar éis é a tharraingt isteach agus a shocrú idir an cuaille eolais agus an clár faisnéise ag béal shiúlóid na n-éan, á iompú leataobhach ar a chíle. Ón áit ina bhfuilimid inár suí laistigh den fhuinneog, feicimid baill de choiste na n-áitritheoirí, veisteanna sofheicthe á gcaitheamh acu, iad ag cur péint phiostáise ar na cláir agus ag sluaisteáil múirín idir na seasanna agus ag cur sabhaircíní ildathacha go dlúth le chéile ar an dromchla. Tá an meaisín uachtar reoite i mbun seirbhíse arís sa siopa grósaera béal dorais, agus gach maidin sánn an grósaeir nó a chailín cás taispeána lán le liathróidí plaisteacha agus giuirléidí don trá amach ar an tsráid os comhair an tsiopa. Tá spáda beaga ann, líonta laga, fáinní rubair agus buicéid a bhfuil cruth mionchaisleán orthu.

Arna chóiriú as ó *Spill Simmer Falter Wither* le Sara Baume, Tramp Press, 2015.

## Sliocht B

Níorbh é sin an chéad uair a rinne Magnus a bhealach ó Londain go Chiswick le cuairt a thabhairt ar Theach Lightwood. Ba mhinic a cuireadh teach Benedict Lightwood ar fáil do lucht Downworld a bhí fabhrach don chineál spraoi a raibh tóir aigesean air. Mainéar mór le rá a bhí ann uair amháin, dath gléigeal ar an gcloch, é maisithe le dealbha Gréagacha agus an oiread colún ann nárbh fhéidir iad a chomhaireamh. Daoine bródúla postúla ba ea muintir Lightwood agus an teach a bhí acu, ina ghlóir nuachlasaiceach, léirigh sé an méid sin.

Bhí a fhios ag Magnus cad a tharla don mhórtas sin ar fad. Tholg an patrarc, Benedict Lightwood, galar ó bheith ag coinneáil cuideachta le deamhain agus rinneadh arracht marfach de arbh éigin dá chlann mhac féin é a mharú le cabhair ó shlua eile de lucht Shadowhunter. Thóg an Clave a mainéar uathu mar phionós, glacadh seilbh ar a gcuid airgid, agus rinneadh ceap magaidh den chlann, iad mar fhorfhocal don pheaca agus don fheall a rinneadh ar gach rud ab ansa le lucht Shadowhunter.

Stad an carráiste a bhí ar cíos ag Magnus. "Tá cuma thréigthe ar an áit," arsa an tiománaí, ag féachaint go hamhrasach i dtreo na ngeataí iarrainn, a raibh an chosúlacht orthu go raibh siad greamaithe le meirg agus ceangailte le fíniúna. "Bhuel, ní féidir liom a dhul isteach. Ní osclóidh na geataí sin," arsa an tiománaí go borb. "Beidh ort teacht amach agus siúl, má tá tú chomh meáite sin air." Bhí Magnus meáite air. Bhí faobhar ar a chuid fiosrachta anois, agus chuaigh sé i dtreo na ngeataí mar a bheadh cat ann, é réidh le hiad a dhreapadh dá mba ghá. Scealpóg den draíocht, píosa de gheis na hoscailte, agus d'oscail na geataí go tobann, screamhóga de mhiotal meirgeach ag pléascadh astu. Rompu amach bhí cabhsa fada dorcha a bhí imithe fiáin agus é ag dul i dtreo teach mainéir taibhsiúil i gcéin, a bhí ag lonrú mar a bheadh leac thuama faoi sholas na gealaí agus í lán.

Dhún Magnus na geataí agus ar aghaidh leis. Nocht foraois de chruthanna aimhréidhe iad féin ina thimpeall, a raibh fágtha de ghairdíní cáiliúla Lightwood. Bhí fálta arda na ngairdíní Iodálacha tar éis cathair ghríobháin a dhéanamh díobh féin, gréasán casta a raibh sé soiléir nárbh fhéidir éalú as. Mharaigh siad an t-arracht a rinneadh de Benedict Lightwood sna gairdíní seo. Ba chuimhin le Magnus a chloisteáil gur shil an lionn dubh ina rabharta dorcha doshrianta isteach sa talamh as féitheacha an arrachta. An truailliú a mharaigh na rósanna, níor spáráil sé an mainéar. An aghaidh a bhíodh bán agus mín tráth, bhí sí liath le haois anois, í clúdaithe le stríocaí dubha an tsalachair agus le stríocaí glasa an lobhaidh. Bhí fíniúna dreoite casta timpeall ar na colúin lonracha, agus na balcóiní ar chuimhin le Magnus iad a bheith cosúil leis na loig i gcuacha albastair, bhí siad líonta anois le tranglam de dhealga agus de dhríodar na mblianta.

Íomhá de leon lonrach órga agus fáinne ina bhéal ba ea murlán an dorais tráth. Anois bhí an fáinne ina luí ar na céimeanna agus é lofa, agus bhí béal an leoin léith ar oscailt agus folamh agus gramhas ocrach air. Chnag Magnus go tapa ar an doras. Dar ndóigh, b'ait an rud é go raibh bean uasal ag oscailt an dorais tosaigh í féin, ach ón gcuma a bhí ar an áit, ghlac Magnus leis gur tugadh deich mbliana saoire d'fhoireann na searbhóntaí ar fad. Fiú tar éis an teach agus na tailte a bheith feicthe aige, ní raibh sé ullmhaithe do Tatiana Blackthorn. Chuir a haghaidh crua cosc ar an trua. Dála an tí, bhí uamhan ag baint léi ina scrios.

Tháinig cailín anuas an staighre leathan cuarach. Tharraing Magnus anáil. Chuala Tatiana é agus d'fhéach sí anonn air, meangadh caithréimeach ar a béal. "Tá sí go hálainn nach bhfuil? Mo choimircí. Mo Ghráinne." Lean Magnus Tatiana agus Gráinne suas an staighre agus síos pasáiste fada a bhí chomh dubh le pic nach mór. Chuala Magnus gloine bhriste ag pléascadh agus ag cnagarnach faoina chos, agus sa solas lag nárbh ann dó ach ar éigean chonaic sé rud éigin ag rith go slítheánta uaidh agus é ag teacht. Bhí súil aige gur rud éigin chomh neamhurchóideach le francach a bhí ann, ach mheas sé ón gcaoi a raibh sé ag gluaiseacht go raibh cruth i bhfad níos ainspianta air.

Tháinig glór Tatiana ar ais chuige. "Is iomaí cosantóir a d'fhág m'athair ina dhiaidh chun a bhfuil againn a chosaint." D'oscail sí an doras agus d'fhéach Magnus ar an seomra laistigh. Bhí deasc iompaithe bunoscionn ann agus cuirtíní troma ar liobarna sna fuinneoga mar a bheadh coirp ar chroch, agus bhí scealpóga agus stríocaí fola ar an urlár, comharthaí ar achrann a tharla i bhfad ó shin agus nár ghlan aon duine suas. Bhí mórán frámaí pictiúr ar crochadh ar leathmhaig nó bhí an ghloine briste iontu. Ba chosúil gur eachtraí farraige a bhí léirithe i mórán acu ach bhí scáil liath fiú ar na pictiúir a bhí slán. Bhí an chosúlacht ar na longa péinteáilte go raibh siad ag dul go tóin poill i bhfarraige deannaigh. Bhí focail scríofa ar an bpáipéar balla sractha – d'fhéadfadh sé gur dath glas a bhí air uair amháin ach bhí dath liathghlas anois air, mar a bheadh farraige lán de dhramhaíl – focail a bhí scríofa sa dath donn dorcha céanna leis na smáil ar ghúna Tatiana. Bhí ar Magnus a admháil dó féin cad a bhí sa dath: fuil a doirteadh na blianta ó shin agus nár glanadh riamh. Bhí an páipéar balla ina ghiobail agus é ag titim de na ballaí. Ní raibh ar chumas Magnus ach focal anseo agus ansiúd a dhéanamh amach ar na píosaí a bhí fágtha: TRUA, AIFÉALA, IFREANDA.

Arna chóiriú as *The Bane Chronicles* le Cassandra Clare, Sarah Rees Brennan, Maureen Johnson, Walker Books Ltd., 2015.

**Sliocht C**

Tá cruinneas scáfar ag baint leis an gcófra, faoi mar a bheifí tar éis an teach féin a chrapadh, a chorp scoilte ina dhá leath agus na baill bheatha nochta. Is macasamhla foirfe iad na naoi gcinn de sheomraí, ón gcistin a fheidhmíonn go hiomlán, an seomra suí, suas go dtí an t-áiléar mar a stóráiltear an mhóin agus an t-adhmad tine ar shiúl ón taise. Cuireann an cásáil blaosc toirtíse an fómhar in Assendelft i gcuimhne do Nella, dathanna oráiste agus donna gafa i mbun gluaiseachta, Carel i ngreim láimhe inti, á cur ag fiodrince faoi na crainn sa ghairdín. Go deimhin féin, tá an péatar daingnithe tríd mar a bheadh féitheacha miotail ann, fíneálta agus ag sníomh thar an dromchla iomlán, thar na cosa fiú amháin. Tá drithlíní aisteacha san adhmad agus sa bhlaosc. Ní gá ach teagmháil leis na cuirtíní veilbhite fiú agus meabhraítear cumhacht faoi leith. In Assendelft, bhí aithne ag Nella ar pháistí níos saibhre ar tugadh tithe cófra dóibh, ach ní raibh aon cheann acu chomh galánta leis an gceann seo.

Dreapann Nella in airde ar a leaba ollmhór agus suíonn ansin leis an mbeart. Tá sé toirtiúil, é chomh leathan le pláta dinnéir, clúdaithe le páipéar mín agus ceangailte le sreangán. Tarraingíonn sí amach an chéad rud agus ardaíonn sí bosca beag bídeach airgid ar a bos. Bhí N agus O greanta ar a bharr, bláthanna agus fíniúna timpeall orthu. Osclaíonn sí an clúdach go cúramach. Tá neart ola ar na hinsí beaga, gan aon fhuaim uathu. Tá bloc de phrásóg, a bhfuil tuairim is fad pónaire chaife ann, ina luí istigh ann, agus bhuail dúil sa siúcra milis almóinne í. Aimsíonn sí lena hionga é agus cuireann ar bharr a teanga é. Is prásóg cheart atá inti, tá fiú boladh an rósuisce uirthi.

Tógann Nella earra eile amach. Seo liúit, nach bhfuil níos faide ná a corrmhéar – tá téada cearta inti agus iad i dtiúin, a cabhail adhmaid ata chun fuaim na nótaí a choinneáil. Ní fhaca sí rudaí mar seo riamh cheana – an cheardaíocht, an cúram, an áilleacht a bhain leis na hearraí seo. Triaileann sí nóta a phiocadh ar na téada, ionadh an domhain uirthi nuair a chloiseann sí fuaim chiúin an chorda. Tugann Nella chun cuimhne creatlach an fhoinn a sheinn sí do Johannes in Assendelft agus seinneann sí anois arís é, ina haonar. Nuair a thumann sí arís faigheann sí an cupán cleamhnais a bhí iarrtha aici. Bhí sé déanta as péatar, fear agus bean agus a lámha snaidhmthe ina chéile thart ar an mbéal, gan níos mó na leithead gráinne ina thrastomhas. Ólann gach lánúin nuaphósta as na cupáin seo ina bpoblacht-san, díreach mar ba chóir di féin agus do Johannes a dhéanamh, thiar i mí Mheán Fómhair. Samhlaíonn Nella an bheirt acu ag baint bolgaim as fíon na Réine, iad ina seasamh i sean-úllord a hathar, rís agus peitil á gcaitheamh orthu. Tá an cupán beag seo mar chuimhneachán ar rud éigin nár tharla riamh i ndáiríre.

Piocann sí suas an páipéar chun fáil réidh leis, ansin tugann sí faoi deara go bhfuil tuilleadh rudaí istigh ann. Ní fhéadfadh sé seo a bheith ceart, a cheapann sí, an ceann is fearr á fháil ag an bhfiosracht ar a gruaim. Tá gach rud a d'iarr mé ar an leaba cheana féin. Iompaíonn sí an paicéad bunoscionn, agus titeann trí earra chlúdaithe eile amach ar an gcuilt. Tosaíonn Nella ag útamáil leis an éadach a bhí timpeall ar an gcéad cheann, agus aimsíonn sí dhá chathaoir adhmaid, iad fíorálainn. Tá leoin nach bhfuil iontu ach méid bóiní Dé snoite ar na tacaí uillinne, tá cúl na gcathaoireacha clúdaithe le veilbhit ghlas, breactha le tairní copair. Ar gach ceann de na tacaí, tá ollphéisteanna mara ag lúbarnaíl i nduilleoga acantais. Tuigeann Nella go bhfaca sí na cathaoireacha sin cheana, an tseachtain seo caite sa seomra suí thíos staighre. Tosaíonn sí ag éirí míshuaimhneach agus í ag baint an éadaigh den chéad earra eile. Tá rud éigin atá beag ach toirtiúil fillte san éadach agus tarraingíonn sí amach é. Is cliabhán é, déanta as dair, inleagthaí casta de bhláthanna air, sleamhnáin stáin agus imeall lása ag an gcochall. Míorúilt chiúin adhmaid atá ann, ach mar sin féin tagann tocht i scornach Nella nuair a fheiceann sí an t-earra beag bídeach ansin. Socraíonn sí i lár a boise é, áit a mbogann sé go foirfe uaidh féin nach mór.

Caithfidh sé gur botún é seo, dar léi – is do dhuine éigin eile na píosaí seo. Cathaoireacha, cliabhán – na gnáthrudaí a d'iarrfadh bean do mhacasamhail dá teach – ach níor iarr mise iad. Is cinnte nár iarr. Sracann sí an páipéar den tríú pacáiste, agus thíos faoi shraith eile den éadach gorm tá dhá mhionmhadra. Dhá chorp fuipéid, nach bhfuil níos mó ná leamhain, fionnadh síodúil liath orthu, gan ach méid piseanna ina mblaosc. Istigh eatarthu, tá cnámh ar féidir leo a bheith ag cogaint uirthi, luiseag chlóibh ar cuireadh dath buí uirthi – níl aon amhras faoin mboladh. Piocann Nella suas na hainmhithe agus féachann sí níos grinne orthu, a cuid fola ag rith go tapa trína colainn. Is madraí faoi leith iad seo. Is iad Rezeki agus Dhana atá ann.

Arna chóiriú as *The Miniaturist* le Jessie Burton, Picador, 2014.

**Roghnaigh ceann amháin de na roghanna dearaidh atá liostaithe thíos.**

**Ní mór nasc díreach a dhéanamh idir do dhearadh agus an sliocht tuairisciúil atá i gceist, agus a bhrí agus a chiall a léiriú.**

## 1. Litreoireacht agus Peannaireacht

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Cló-aghaidh mhaisiúil (aibítir) agus na híomhánna i Sliocht A mar ábhar spreagtha agat. Ní mór duit cló-aghaidh do chúig litir ar a laghad a dhearadh.

(b) Píosa de pheannaireacht chomhaimseartha / thraidisiúnta agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Póstaer ag fógairt taispeántáin de theach cófra agus Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

B'fhearr litreoireacht phearsantaithe lámhdhéanta, rindreáilte. Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir le do rogha clóghrafaíocht, spásáil agus leagan amach, agus maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Tá cead agat íomhánna, móitífeanna ornáideacha, focail thromchiallacha agus litreoireacht a bheith ann.

## 2. Líonóilghearradh agus Priontáil

Cruthaigh dearadh do phrionta líonóile do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Léaráid bunaithe ar aon innealra atá luaite i Sliocht A.

(b) Léaráid bunaithe ar gheataí Theach Lightwood atá luaite i Sliocht B.

(c) Léaráid de chlúdach an bhosca airgid a bhfuil cur síos air i Sliocht C.

Ba chóir go léireodh do dhearadh tuiscint chuimsitheach ar airíonna an líonóilghearrtha agus na priontála, a gcuid féidearthachtaí agus a gcuid srianta. Ba chóir duit dearadh a dhéanamh do phrionta ar aon dath amháin **nó** do phrionta a bhfuil dhá dhath ar a laghad ann. Ba chóir go léireodh do dhearadh críochnaithe eolas cuí faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh, dathdhealuithe (más cuí) san áireamh, agus na saghsanna éagsúla gearrthacha atá le húsáid.

## 3. Fabraicphriontáil

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Athphatrún leath-thite a bheadh oiriúnach do thuáille trá agus Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Taipéis bhalla agus aghaidh Theach Lightwood a bhfuil cur síos air i Sliocht B, mar ábhar spreagtha agat.

(c) Athphatrún agus aon íomhá a thugtar le tuiscint i Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do bhaitíc, do bhlocphriontáil, do scáthlánphriontáil nó do stionsalphriontáil ar fhabraic nó ar ábhar oiriúnach ar bith eile. Ba chóir duit trí dhath ar a laghad a úsáid agus féidearthachtaí dearaidh na forphriontála a chur san áireamh. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

**4. Bróidnéireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Píosa d'ealaín inchaite agus íomhánna na foraoise a bhfuil cur síos orthu i Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Painéal bróidnithe a bheadh oiriúnach do ghúna Tatiana agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Painéal bróidnithe do na mionchathaoireacha a bhfuil cur síos orthu i Sliocht C.

Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint, agus eolas cuí a thabhairt maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Bíodh eolas san áireamh agat maidir le do rogha ábhar, greamanna, maisiú coirníneach agus teicnící atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích.

**5. Fíodóireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Painéal fite bunaithe ar 'clocha duirlinge, feamainn bhoilgíneach thirim, dramhaíl raice' atá luaite i Sliocht A.

(b) Taipéis don taobh istigh de Theach Lightwood agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Taipéis bhalla a bheadh oiriúnach don teach cófra a bhfuil cur síos air i Sliocht C.

Ba chóir go gcuirfí san áireamh i do dhearadh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le dathanna agus le huigeacht agus go dtabharfaí eolas faoin bhfí agus faoi na hábhair atá le húsáid. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir go dtaispeánfá toisí agus eolas cuí faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

**6. Criadóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Painéal rilífe agus an scaglann ola atá luaite i Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Fráma pictiúir maisiúil do bhallaí an tseomra a bhfuil cur síos air i Sliocht B.

(c) An cupán cleamhnais atá luaite i Sliocht C.

Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir go dtaispeánfá toisí agus go dtabharfá eolas cuí faoi na teicnící atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích. Tabhair sonraí faoi na glónraí agus faoin maisiúchán atá le húsáid.

**7. Puipéadóireacht**

Dear puipéad gléasta do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Fíor a thugtar le tuiscint i Sliocht A.

(b) 'Benedict Lightwood' atá luaite i Sliocht B.

(c) 'Nella' atá luaite i Sliocht C.

Tá cead agat dearadh a dhéanamh do phuipéad miotógach, do phuipéad slaite nó do phuipéad ar iall. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint. Léirigh an chaoi a gcuirfear an puipéad le chéile agus an chaoi a bhfeidhmeoidh sé. Tabhair sonraí maidir leis na hábhair atá le húsáid agus maidir leis na teicnící maisiúcháin atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích.

**8. Leabharcheardaíocht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Fillteán bosca chun earraí cuimhneacháin ó thuras chuig Cuan Tawny a choinneáil ann agus Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Fillteán doiciméad chun geasa draíochta a choinneáil ann agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Comhad infhairsingithe chun bileoga ceoil do liúit a choinneáil ann agus Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir go dtaispeánfaí toisí ar do dhearadh críochnaithe, agus sonraí maidir leis na hábhair, na ceangail/na snaidhmeanna/an fearas dúnta, na híomhánna/an maisiúchán agus/nó an litreoireacht atá oiriúnach don rogha atá déanta agat.

**9. Dearadh Fógraíochta**

Bunaithe ar ar léigh tú sna sleachta tuairisciúla, cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Clár fógraí le cur ag an mbealach isteach chuig Cuan Tawny agus Sliocht A mar ábhar spreagtha agat.

(b) Clúdach do leabhar ar a dtugtar 'Downworlders' agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Bróisiúr chun ceardaí a fhógairt agus Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Ba chóir go dtaispeánfaí toisí ar an dearadh críochnaithe agus go dtabharfaí eolas cuí maidir leis na teicnící a úsáidfear chun do dhearadh a chur i gcrích.

**10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Píosa de dhealbhóireacht saorsheasaimh le cur ag an mbealach isteach chuig an tsiúlóid éan atá luaite i Sliocht A.

(b) Painéal rilífe bunaithe ar 'ghlóir nuachlasaiceach' atá luaite i Sliocht B.

(c) Píosa de dhealbhóireacht agus na cathaoireacha a bhfuil cur síos orthu i Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Tá cead agat dearadh a dhéanamh don mhúnlóireacht, don tsnoíodóireacht nó do theicníc thógála chuí ar bith. Ba chóir duit oibriú de réir scála, toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus na teicnící a úsáidfear chun do dhearadh a chur i gcrích.

**11. Seiteanna Stáitse**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Seit stáitse bunaithe ar íomhánna na foraoise a bhfuil cur síos orthu i Sliocht A.

(b) Seit scannáin do scéinséir dar teideal 'Ifreanda' agus Sliocht B mar ábhar spreagtha agat.

(c) Taispeántas fuinneoige do shiopa seandachtaí agus Sliocht C mar ábhar spreagtha agat.

Ba chóir duit oibriú de réir scála, toisí a thaispeáint, agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus na teicnící a úsáidfear chun do dhearadh a chur i gcrích.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016**

# EALAÍN

## Ceardaíocht

Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Máirt, 3 Bealtaine – Dé hAoine, 13 Bealtaine**

**Maidin, 9:30 – 12:00 Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 19 Aibreán**

### Treoracha

Tá cead agat do bhileog A2 d'obair ullmhúcháin **(bileog amháin)** a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú, á dheimhniú gurb í do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

**Níl cead agat** aon **áiseanna amhairc** eile, e.g. grianghraif, íomhánna rianaithe ná obair ealaíne réamhullmhaithe a thabhairt isteach sa scrúdú lena gcóipeáil.

Ceadaítear úsáid a bhaint as aon ábhar ceardaíochta agus as aon uirlis atá oiriúnach chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh.

Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Scríobh do **scrúduimhir agus an leibhéal** ar gach bileog agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

Scríobh **uimhir na ceiste** a roghnaigh tú agus **an teideal** ar gach bileog agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

## Céim 1: Bileog d'Obair Ullmhúcháin (TAIGHDE)

Ní mór an Bhileog A2 de Sceitsí Ullmhúcháin a dhéanamh roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **taighde** a bheith ann. Is é is cóir a bheith ar an mbileog ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Bíodh do chuid oibre ar thaobh amháin den bhileog A2. Má roghnaíonn tú úsáid a bhaint as grianghraif nó as íomhánna a bhí i gcló, chomh maith le líníocht le peann luaidhe, le peann, le péint nó le hobair cholláise, etc., ní mór gach íomhá dá leithéid **a ghreamú go cothrom** ar do bhileog ullmhúcháin A2.

## Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT) (10 marc)

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích ar dtús le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá ar do bhileog d'obair ullmhúcháin a fhorbairt. Ba chóir go mbreithneofá gnéithe den dearadh 2T nó 3T mar a oireann don cheist a roghnaigh tú agus fianaise a bheith ann ar **fhorbairt shuntasach bhreise** ar na smaointe seo. **Níor chóir an obair a chuirtear i láthair ar do bhileog réamhsceitsí a chóipeáil díreach ón mbileog d'obair ullmhúcháin**. Is ceadmhach sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú agus tagairt ar leith a dhéanamh do na dálaí amhairc, feidhmiúla agus ábhartha a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe agat. Chomh maith leis na sceitsí d'fhorbairt na smaointe, ba chóir duit an dearadh deiridh atá molta agat a thaispeáint agus a dhéanamh ansin. **Ní mór duit oibriú go díreach ar do bhileog A2 agus gan ach sceitsí a úsáid, agus iad daite más mian leat**. Bíodh do chuid oibre ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2.

## Céim 3: An Cheardaíocht Chríochnaithe (90 marc)

Déantar do phíosa ceardaíochta le linn an scrúdaithe. Ba chóir tagairt don chiorclán **S11/16** mar a bhfuil na treoracha ar leith a bhaineann le gach ceist ar leith.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach trédhearcach ceardaíochta duit ina gcaithfidh tú na nithe seo a leanas a chur:***

- do bhileog A2 d'Obair Ullmhúcháin
- do bhileog A2 de Réamhsceitsí
- aon ní nó nithe eile (má shonraítear iad sa cheist atá freagartha agat)
- do cheardaíocht chríochnaithe, más píosa déthoiseach é.

Más ceardaíocht thríthoiseach atá déanta agat, ba chóir í a chur anuas ar do chlúdach ceardaíochta séalaithe agus an lipéad cuí greamaithe di.

## Freagair ceann amháin díobh seo a leanas:

### 1. Leabharcheardaíochtaí

Dear agus déan comhad bosca **nó** vallait doiciméad **nó** fillteán a bheadh oiriúnach chun gearrthóga ar **cheann amháin** díobh seo a leanas a choinneáil:

(a) eachtra tábhachtach stairiúil in Éirinn

(b) ceist comhshaoil

(c) comórtas náisiúnta spóirt.

**Ba chóir go bhfeidhmeodh do phíosa críochnaithe ceardaíochta agus ba chóir go mbeadh meicníocht dúnta air**. Ba chóir go gcuirfeadh a chruth an topaic in iúl.
An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: éagsúlacht páipéar, cárta, ábhair cheangail, naisc, péinteanna, dúigh, ábhair ch____olláise, greamachán agus uirlisí cuí, etc.

### 2. Peannaireacht

Dear agus déan píosa peannaireachta bunaithe **ar 8 líne ar a laghad de Théacs (a) nó 7 líne ar a laghad de Théacs (b)**. Tá cead agat cur chuige traidisiúnta agus/nó cur chuige nua-aimseartha peannaireachta a úsáid i do chuid oibre. Tá cead agat colláis, meáin mheasctha nó teicníc chuí ar bith eile a úsáid mar chuid den saothar.

| **Téacs (a)** | **Téacs (b)** |
|---|---|
| Tá an crann is áille, an crann silíní<br>Faoi bhláth anois feadh na gcraobh,<br>Ina sheasamh le hais chosán na coille<br>Gléasta i ngile na Cásca.<br>De mo thrí scór bliain is deich,<br>Arís ní thiocfaidh fiche díobh,<br>Is bain scór de sheachtó earrach<br>Agus níl fanta ach caoga eile.<br>I gcaoga earrach is beag an tráth<br>Chun amharc ar nithe faoi bhláth.<br>Mar sin ar fud na coille a rachaidh mé<br>Ag amharc ar na crainn silíní faoi shneachta.<br><br>*Loveliest of Trees* le A.E. Housman | É níos áille agus níos boige ná leamhan ar bith,<br>A chosán ábhalmhór tríd an gclapsholas á bhrath<br>Lena aintéiní dordánacha fionnaidh, eitleán agus<br>A innill curtha as ag foluain os cionn na bhfo-bhailte<br>Agus na muinchillí suas in airde le cóir na gaoithe.<br>Go réidh, go leathan, titeann sí,<br>Agus suaitheann ar éigean sruthanna cairte an aeir.<br><br>Lastall de sholas bharr an chrainn atá ag caochadh<br>Agus den stráice tuirlingthe, feiceann siad láithreacha<br>Na hoibre: simléir mar mhéara fada dubha<br>Nó fíoracha scáfara buile: agus foirgnimh ísle<br>Lena ndreach aisteach ar chúl na gcrann, ar nós<br>Aghaidheanna ban atá brúite brónach. Gan mórán tithe<br>Anseo ag éagaoin ina bhfaonsolas taobh thiar<br>dá ndallóga,<br>Cuid suntais an gearán neamhthíriúil, ar nós madra<br>A cuireadh amach agus atá ar crith faoin ngealach<br>eachtrannach.<br><br>Arna chóiriú as *The Landscape near an Aerodrome*<br>le Stephen Spender |

**Ábhair**: dromchla oiriúnach don obair pheannaireachta – **An tUasmhéid: A2**; éagsúlacht ábhar do cholláis, dúigh, péinteanna, pinn litreoireachta, scuaba, marcóirí peannaireachta, rialóir, crosbhacairt, etc. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a thugtar duit, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú, á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi**.

## 3. Póstaer

Dear agus déan póstaer **nó** cárta taispeána do cheann **amháin** de na topaicí seo a leanas:

(a) Ollmhargadh na bPeataí Teaghlaigh

(b) Taispeántas Innealtóireachta 2016

(c) Duaiseanna Meitéareolaíochta na hÉireann.

**Ní mór teideal iomlán** na topaice a roghnaigh tú a bheith ar do shaothar críochnaithe. Is fearr litreoireacht phearsanaithe lámhdhéanta a úsáid agus ba chóir go gcuirfeadh an litreoireacht an topaic in iúl. Tá cead agat stionsal aibítre atá gearrtha agat féin a úsáid ach **ní mór duit an leagan amach agus spásáil na litreoireachta a dhéanamh le linn an scrúdaithe**.
**Ní mór** aon stionsal a úsáidtear a chur isteach leis an gcuid eile den obair.

**Ábhair**: rialóir, crosbhacart, páipéir cholláise, cárta, ábhair uigeacha, scuaba, greamachán, dúigh, péinteanna, meán ar bith eile a thriomaíonn go tapa, etc.
Is fút féin atá sé cruth agus cineál an chárta fógraíochta a roghnú, ach níor chóir go mbeadh sé níos mó ná A2 ar an toise is mó. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann atá curtha ar fáil, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú, á dheimhniú nach raibh aon rud uirthi.**

## 4. Fíodóireacht

Dear agus figh taipéis bhalla **nó** taipéis **nó** painéal do mhála teachtaire agus tú ag baint úsáide as ceann **amháin** de na téamaí seo a leanas mar fhoinse do dhearaidh:

(a) siúlóid san fhoraois

(b) uisceadán

(c) bun na spéire.

Úsáid éagsúlacht ábhar agus teicnící san inneach. Úsáid dath, cruth, uigeachtaí agus patrún chun barr maise a chur ar do shaothar. Is ceadmhach meáin mheasctha a úsáid.

**Ábhair**: dlúth a ullmhaíodh roimh ré ar sheol nó ar fhráma, éagsúlacht snátha, olla agus ábhar solúbtha atá oiriúnach don fhíodóireacht.

## 5. Blocphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:

(a) ag obair

(b) fairsinge an dúlra

(c) lobhadh.

Ba chóir toisí 15cm × 20cm ar a laghad a bheith i do phrionta críochnaithe. Tá cead agat dearadh a dhéanamh do phrionta aondathach **nó** do phrionta a mbeidh dhá dhath ar a laghad ann. Ba chóir saghsanna éagsúla gearrthacha a úsáid i do shaothar agus tuiscint chuimsitheach a léiriú ar airíonna na líonóilphriontála / blocphriontála.
**Ábhair**: píosa(í) líonóile nó blo(i)c adhmaid (ag brath ar cé acu modh laghdaitheach nó bloc ar leith do gach dath a bheidh á úsáid agat) nach lú ná 15cm × 20cm; páipéar rianaithe, páipéar priontála, dúigh phriontála intuaslagtha in uisce a thriomaíonn go tapa, uirlisí gearrtha agus priontála, etc.
***N.B***. *Mura mbíonn do phriontaí tirim go hiomlán ag deireadh an scrúdaithe, clúdaigh go cúramach le plaisteach trédhearcach iad sula gcuireann tú isteach i do chlúdach ceardaíochta iad. Ba chóir duit do bhlo(i)c líonóile/adhmaid (agus plaisteach mórthimpeall air/orthu) agus do chuid rianuithe a chur isteach freisin.*

## 6. Puipéadóireacht

Déan puipéad miotógach **nó** puipéad slaite **nó** puipéad ar iall bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) créatúir sciathánacha

(b) amhránaí ceol tíre

(c) an seanchaí.

Ba chóir go mbeadh do phuipéad oiriúnach do léirithe iomadúla. Níor chóir go mbeadh chabhail do phuipéid chríochnaithe níos mó ná 100cm ar an toise is mó. **Ní mór na héadaí agus na hoiriúintí a dhéanamh le linn an scrúdaithe**. **Caithfear na baill choirp uile a chur le chéile, a phéinteáil agus a mhaisiú le linn an scrúdaithe**.

**Ábhair**: fabraic, snáth, ábhair uigeacha éagsúla, péinteanna, baill choirp déanta as cúr-rubar, *papier maché* nó as ábhair chuí eile.

## 7. Scáthlánphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:

(a) bia sráide

(b) ceoltóirí sráide

(c) créatúir fhiáine.

Úsáid trí dhath phriontáilte ar a laghad. Ní mór forphriontáil a bheith san áireamh i do dhearadh. Níor chóir go mbeadh do phrionta críochnaithe níos mó ná 100cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: fabraic, scáthláin, ábhar stionsail, dúigh phriontála, cuimleoirí, téip chumhdaigh, etc.

## 8. Teicstílí Lámhphriontáilte

Dear agus priontáil athphatrún leath-thite ar phíosa d'éadach oiriúnach bunaithe ar cheann **amháin** de na téamaí seo a leanas:

(a) an chistin

(b) an dóigh a n-oibríonn mo rothar

(c) an gairdín fiáin

Úsáid trí dhath phriontáilte ar a laghad. Ní mór forphriontáil a bheith san áireamh i do dhearadh. Níor chóir do phrionta críochnaithe a bheith níos mó ná 100cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: fabraic, ábhar stionsail, bloic, ruaimeanna, dúigh, etc.

## 9. Baitíc

Dear agus déan baitíc bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) an taobh istigh

(b) am dinnéir

(c) lá gaofar.

**Ní mór do bhaitíc a thumadh go hiomlán dhá uair ar a laghad le linn an phróisis**.
Níor chóir lámhphéinteáil a úsáid ach amháin ar réimsí beaga mionsonraí. Níor chóir go mbeadh do bhaitíc chríochnaithe níos mó ná 100cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: fabraic oiriúnach do bhaitíc, céir, ruaimeanna, *tjanting*, scuaba, iarann, frámaí, etc.

## 10. Criadóireacht

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) soitheach agus claibín air, agus garraithe lusanna mar inspreagadh agat

(b) painéal rilífe agus uirlisí ceoil mar inspreagadh agat

(c) dealbhóireacht cheirmeach agus túir ársa mar inspreagadh agat.

**Ní mór do shaothar a bhácáil** agus a mhaisiú le hábhair oiriúnacha mar shleamhnáin, glónraí agus ocsaídí. Ceadaítear am chun do shaothar a bhácáil agus a ghlónrú.
An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: cré a réamhullmhaíodh go cuí do do rogha teicníc (roth-nó lámhdhéantús), trealamh cuí criadóireachta agus ábhair chuí.

## 11. Bróidnéireacht

Dear agus bróidnigh dealbhóireacht bhog **nó** taipéis bhalla mhaisiúil **nó** píosa d'ealaín inchaite bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) ábhar neamhbheo

(b) saol na hoíche

(c) faoi uisce.

Úsáid trí ghreim éagsúla ar a laghad (greamanna láimhe agus/nó greamanna meaisín) agus teicnící éagsúla, e.g. feiltiú, stuáil, obair phaistí, *appliqué*, etc.
An tUasmhéid: 50cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: ábhair éagsúla ar a n-áirítear nithe aimsithe, fabraicí, snáitheanna bróidnéireachta, cnaipí, coirníní, ribíní, seacainí, sreang, *papier maché*, etc.

## 12. Snoíodóireacht Adhmaid / Snoíodóireacht

Dear agus snoigh ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) plaic le bia traidisiúnta na hÉireann a cheiliúradh

(b) saothar saorsheasaimh dar teideal "Turas"

(c) trinsiúr riartha agus barra an fhómhair mar inspreagadh agat.

Tá an litreoireacht roghnach. An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: adhmad, plástar nó ábhar oiriúnach ar bith eile, trealamh snoíodóireachta agus bailchríocha cuí.

## 13. Miotalóireacht / Tógáil

Dear agus déan ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) plaic nó saothar saorsheasaimh dar teideal "Gluaiseacht"

(b) píosa de dhealbhóireacht saorsheasaimh mhiotail agus an fheirmeoireacht mar inspreagadh agat

(c) píosa d'ealaín inchaite bunaithe ar mhiotaseolaíocht na hÉireann.

An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.

**Ábhair**: ábhair chruanta, miotail do theicnící tógála, trealamh chun do dhearadh a chur i gcrích.

## 14. Múnlóireacht

Dear agus múnlaigh píosa dealbhóireachta lánchumtha **nó** i bhfoirm rilífe bunaithe ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) féinphortráid agus an Ciúbachas mar inspreagadh agat

(b) na damhsóirí

(c) "Meiteamorfóis"

An tUasmhéid: 40cm ar an toise is mó.

Ba chóir duit na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le solas ag lonradh ar dhromchlaí agus ar phlánaí a chur san áireamh. Is ceadmhach armatúir agus boinn a thabhairt isteach sa scrúdú leat. **Ní mór an píosa múnlóireachta a dhéanamh le linn an scrúdaithe**. **Níor chóir an saothar a bhácáil ná a ghlónrú**.

**Ábhair**: is ceadmhach na múnlaí a dhéanamh as cré, as cré a thriomaíonn go tapa, as marla nó as ábhair ar bith eile atá oiriúnach do theicnící múnlóireachta.

Leathanach Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016

# EALAÍN

## Sceitseáil Beo-Ábhair

Ardleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín.

**Dé Máirt, 3 Bealtaine – Dé hAoine, 13 Bealtaine Tráthnóna, 2:00 – 3:00**

Tá an páipéar seo le tabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 19 Aibreán**

## Treoracha do na Múinteoirí Ealaíne agus do na Feitheoirí

Dhá sceitse den chuspa atá sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag atá sa chéad sceitse. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi de staidiúir a mhairfidh timpeall tríocha nóiméad atá sa dara sceitse.

**Níl éadaí speisialta ag teastáil le haghaidh an chuspa. Má tá gruaig fhada ar an gcuspa, ní mór í a cheangal siar le linn an dá staidiúir.**
**Tá na frapaí seo a leanas ag teastáil:**

- **cathaoir**
- **seaicéad / cóta**
- **bróg / buatais agus scuab shnasaithe.**

Beidh cead ag an gcuspa suas le cúig nóiméad déag a ghlacadh mar thréimhsí sosa de réir mar a theastaíonn le linn an scrúdaithe. Tá na tréimhsí sosa san áireamh san uair an chloig san iomlán atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag iarrthóirí leanúint orthu ag obair ar a gcuid líníochtaí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.

Níl cead níos mó ná deichniúr iarrthóirí a bheith le haon chuspa amháin agus iad i mbun líníochta. Níl cead ag na hiarrthóirí radharc ó chúl an chuspa a tharraingt. Tá cead ag iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa le linn an dara staidiúir más mian leo.

## Treoracha do na hiarrthóirí

Ní mór duit **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo a bheidh sa chéad cheann, **(a) An Chéad Staidiúir**, agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a tharraingt.

(b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi den staidiúir a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo, a bheidh sa dara ceann, **(b) An Dara Staidiúir**. 30 nóiméad a mhairfidh an staidiúir. Tá cead agat an fhíor iomlán **nó** leathfhíor a roghnú.
N.B. Má roghnaíonn tú leathfhíor a dhéanamh, ní mór duit an staidiúir a tharraingt mar atá sí socraithe agus an cloigeann, an muineál, na guaillí, uachtar na ngéag agus na huillinneacha a bheith san áireamh.

- Ní mór duit an líníocht a tharraingt ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa (radharc ar an aghaidh nó ón taobh).

- Tá cead agat leanúint ort ag obair ar do líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.

- Méid an pháipéir: A2. Ná hathraigh méid na bileoige A2.

- Más mian leat páipéar eile a úsáid seachas an páipéar a sholáthraítear, ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú agus dearbhú nach raibh aon rud uirthi.

- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.

- Scríobh do scrúduimhir agus leibhéal an scrúdaithe go soiléir ar gach bileog.

- Tá cead agat aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, dath san áireamh. Ní mór don mheán a roghnaíonn tú triomú go tapa, áfach.

- Tá cead agat breacléiriú a thabhairt ar an gcúlra.

- **Ná déan do shaothar críochnaithe a bhearradh ná a fheistiú.**

## (a) An Chéad Staidiúir – Fad 15 nóiméad (20 marc)

**An cuspa ina s(h)easamh agus**

- na cosa scartha ó chéile beagán, an chos chlé chun tosaigh agus an ghlúin lúbtha
- meáchan an choirp anuas ar an gcos dheas
- géag na láimhe clé anuas leis an taobh clé
- an uillinn dheas lúbtha i dtreo na gualainne deise, greim ag an lámh dheas ar sheaicéad nó ar chóta atá crochta thar an ngualainn dheas agus anuas le droim an chuspa
- an cloigeann ag féachaint ar clé.

## (b) An Dara Staidiúir – Fad 30 nóiméad (30 marc)

**An cuspa ina s(h)uí ar chathaoir agus**

- na cosa trasna ar a chéile ag na rúitíní, an chos dheas thar an gcos chlé
- uachtar an choirp cromtha chun tosaigh beagán
- an dá lámh ar na cosa os cionn na nglún
- an lámh chlé taobh istigh de bhróg nó de bhuatais agus bonn na bróige/buataise ag féachaint chun tosaigh
- scuab shnasaithe á coinneáil i gcoinne na bróige/buataise leis an lámh dheas
- an cloigeann cromtha beagán ag féachaint síos ar an mbróg nó ar an mbuatais.

Leathanach Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016**

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

Ardleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Déardaoin, 16 Meitheamh      Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

## Treoracha

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1000 AD - An Lá Inniu) agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do na ***léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

# Roinn I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Chuir ealaíontóirí agus ceardaithe na Cré-Umhaoise tús le ré nua san fhorbairt chultúrtha in Éirinn nuair a d'fhorbair scileanna oibrithe óir.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tú ag tagairt do **dhá** dhéantán ainmnithe ón ré seo. Déan cur síos agus plé i do fhreagra ar fhoirm agus ar fheidhm na ndéantán sin, agus ar na bunábhair agus na teicnící maisiúla a úsáideadh chun iad a tháirgeadh.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar an áit a bhfuair muintir na Cré-Umhaoise in Éirinn na miotail a bhí ag teastáil faoi choinne a ndéantán agus an dóigh a bhfuair siad iad.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Tá cáil ar **Leabhar Cheanannais**, ina bhfuil cóip de na ceithre shoiscéal scríofa i Laidin, mar gheall ar a dhearadh casta agus ar ileagar a mhaisiúcháin.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat don ***léaráid atá ar an mbileog leis seo***. I do fhreagra, ainmnigh an leathanach agus déan tagairt dá dhearadh, dá ornáidiú, dá íomhánna agus don dóigh a ndearnadh an leabhar.
**agus**
Ainmnigh lámhscríbhinn Éireannach **amháin** eile a ndearna tú staidéar uirthi, agus déan cur síos agus plé achomair uirthi.
*Léirigh do fhreagra*.

**3.** Tá codarsnacht shuntasach idir stíl na snoíodóireachta ar **Ardchros Mhaoine**, Co. Chill Dara, agus stíl na snoíodóireachta ar **Chros Mhuireadhaigh**, Mainistir Bhuithe, Co. Lú.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do ***na léaráidí atá ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt i do fhreagra don fhoirm, don struchtúr, do na híomhánna, don mhaisiú agus do theicnící oibrithe cloiche.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar fheidhmeanna na nArdchros in Éirinn.
*Léirigh do fhreagra*.

**4.** Roghnaigh duine de na hailtirí seo a leanas:
- Richard Castle (Cassels) (1690 - 1751)
- William Chambers (1723 - 1796).

Déan cur síos agus plé ar ghnéithe na hailtireachta, idir struchtúrach agus mhaisiúil, d'fhoirgneamh ainmnithe leis an ailtire a roghnaigh tú.
**agus**
Ainmnigh foirgneamh **amháin** eile leis an ailtire a roghnaigh tú, agus déan cur síos agus plé achomair ar an bhfoirgneamh.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** D’éirigh le Walter Osborne (1859 - 1903) atmaisféar agus solas an tsaoil laethúil a ghabháil ó bheith ag breathnú go grinn ar an domhan mórthimpeall air.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do “**I bPáirc i mBaile Átha Cliath, Solas agus Scáth**” ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl agus don teicníc.
**agus**
Ainmnigh pictiúr **amháin** eile le hOsborne, agus déan cur síos agus plé achomair ar an bpictiúr sin.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Cruthaíonn Alice Maher (r.1956) saothair ealaíne i raon leathan meán, agus is minic a bhíonn siad taobh amuigh de thraidisiún na mínealaíon.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do “**Gúna Caor**”, ***atá léirithe ar an mbileog leis seo.***
Bíodh tagairt i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don fhoirm, don stíl agus do na meáin/bunábhair a úsáideadh.
**agus**
Ainmnigh saothar **amháin** eile le Alice Maher, agus déan cur síos agus plé achomair ar an saothar sin.
*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Roghnaigh duine **amháin** díobh seo a leanas:

- John Henry Foley (1818 - 1874)
- Paul Henry (1876 - 1958)
- William Orpen (1878 - 1931)
- Louis le Brocquy (1916 - 2012)
- John Burke (1946 - 2006)
- Dorothy Cross (r.1956)
- Grace Weir (r.1962).

Déan cur síos agus plé ar shaothar an ealaíontóra atá roghnaithe agat, agus déan tagairt mhionsonraithe do **dhá** shaothar ainmnithe leis an ealaíontóir sin. Bíodh tagairt i do fhreagra don ábhar, don stíl, do na meáin/bunábhair, do theicnící agus do na tionchair.
*Léirigh do fhreagra.*

# Roinn II – Ealaín na hEorpa (1000 AD – An Lá inniu)

**8.** D'fhág samhlaíocht agus scileanna ealaíne na ndealbhóirí Rómhánúla go bhféadfadh íomhánna den bheatha, den bhás, den bhreithiúnas agus den saol eile a bheith i gceartlár eaglaisí agus ardeaglaisí na tréimhse sin.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat d'eaglais nó d'ardeaglais Rómhánúil ainmnithe a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar phríomhghnéithe ailtireachta na hailtireachta Rómhánúla.
*Léirigh do fhreagra*.

**9.** Ba nuálaí ealaíne é Donatello (1386 - 1466) a chruthaigh saothair dhrámata ealaíne.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do "**Máire Mhaigdiléana**", ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, do láimhseáil na fíorach daonna agus don ré ina ndearnadh an saothar.
**agus**
Ainmnigh saothar **amháin** eile le Donatello, agus déan cur síos agus plé achomair ar an saothar sin.
*Léirigh do fhreagra*.

**10.** Ba mháistir é Raphael (1483 - 1520) ar an gcomhréiteach, ar an gcothromaíocht, agus ar fhíneáltacht an tsolais agus an scátha.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do "**Maighdean na Lasrach Coille**" ***atá léirithe ar an mbileog leis seo.*** Bíodh tagairt i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, do láimhseáil na fíorach daonna agus don ré ina ndearnadh an saothar seo.
**agus**
Ainmnigh saothar **amháin** eile le Raphael, agus déan cur síos agus plé achomair ar an saothar sin.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Feictear buanna cruthaitheacha Rembrandt van Rijn (1606 - 1669) ina phortráidí, ina fhéinphortráidí agus ina radhairc as an mBíobla.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do shaothar ainmnithe **amháin** le Rembrandt.
Bíodh tagairt i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Ainmnigh saothar **amháin** eile le Rembrandt, agus déan cur síos agus plé achomair ar an saothar sin.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** D'fhéach Berthe Morisot (1841 - 1895) ina cuid pictiúr le héifeachtaí optúla an tsolais a cheapadh agus le móimintí ama a chur in iúl.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do "**Lá Samhraidh**", ***atá léirithe ar an mbileog leis seo.*** Bíodh tagairt i do fhreagra don stíl, don ábhar, don chomhdhéanamh, don teicníc agus d'úsáid datha(nna).
**agus**
Ainmnigh saothar **amháin** le healaíontóir Impriseanaíoch ainmnithe eile, agus déan cur síos agus plé achomair ar an saothar sin.
*Léirigh do fhreagra.*

**13.** Chruthaigh ealaíontóirí i ngluaiseacht an Osréalachais saothair a d'fhág breathnóirí suaite agus a chuir mearbhall orthu.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do "**Taispeánadh Aghaidhe agus Méise Torthaí ar Thrá**" le Salvador Dalí (1904 - 1989), ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Bíodh tagairt i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl agus do na teicnící.
**agus**
Ainmnigh saothar **amháin** le healaíontóir Osréalaíoch ainmnithe eile, agus déan cur síos agus plé achomair ar an saothar sin.
*Léirigh do fhreagra*.

**14.** Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Roghnaigh agus ainmnigh **ceann amháin** díobh seo a leanas:
- pictiúr le Cimabue (c.1240 - c.1302)
- pictiúr le Hieronymus Bosch (d'éag 1516)
- pictiúr le Caravaggio (1571 - 1610)
- pictiúr le Mondrian (1872 - 1944)
- saothar dealbhóireachta le Henry Moore (1898 - 1986).

(b) Déan an saothar a roghnaigh tú a phlé go mion, agus bíodh tagairt i do fhreagra don ealaíontóir, don ábhar, don stíl, don chomhdhéanamh, do na bunábhair, don teicníc agus don ré ina ndearnadh an saothar.

(c) Ainmnigh saothar **amháin** eile leis an ealaíontóir a roghnaigh tú, agus déan cur síos agus plé achomair ar an saothar sin.

*Léirigh do fhreagra*.

**15.** Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Pléigh forbairt ceann **amháin** de na stíleanna nó de na gluaiseachtaí ealaíne seo a leanas:
- An stíl Ghotach Idirnáisiúnta
- An Rómánsachas
- An Bráithreachas Réamh-Rafaeilíteach
- Die Brücke.

(b) Pléigh príomhthréithe na stíle nó na gluaiseachta atá roghnaithe agat.

(c) Déan cur síos agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** le healaíontóir ainmnithe a bhfuil a s(h)saothar ina shampla tipiciúil den stíl nó den ghluaiseacht seo.
*Léirigh do fhreagra.*

# Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**16.** Bíonn tionchar ag an ailtireacht, ag plean an urláir, ag an soilsiú agus ag na teicnící taispeána ar eispéireas ginearálta an chuairteora agus ar a léirthuiscint do na saothar ealaíne i ngailearaí nó i músaem.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do ghailearaí nó do mhúsaem ainmnithe ar thug tú cuairt air. Déan cur síos mion ar **dhá** shaothar ainmnithe ar chuir tú spéis iontu agus pléigh an dóigh ar cuireadh na saothair sin ar taispeáint.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar **dhá** thionscnamh a spreagfadh daoine óga, dar leat, chun dul i ngleic le saothair ealaíne a bheadh ar taispeáint i músaeim nó i ngailearaithe.
*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Tugann aisteoirí léiriú beo, trí mheán na scannán, ar éachtaí na gcarachtar as na greannáin agus na húrscéalta grafacha.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat d'aon scannán ainmnithe atá bunaithe ar ghreannán nó ar úrscéal grafach. Bíodh tagairt i do fhreagra do dhearadh na bhfeisteas, do dhearadh na seiteanna, do dhathanna, do na héifeachtaí speisialta agus do theicnící an cheamara.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar do choincheapa físe le haghaidh scannán gairid bunaithe ar do rogha carachtar stairiúil.
*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Spreagadh seasta do thionscal an fhaisin is ea stíleanna traidisiúnta éadaí as ceithre hairde an domhain.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do ***na léaráidí ar an mbileog leis seo***.
Bíodh tagairt i do fhreagra do choincheapa dearaidh, do dhathanna, do chruth agus do phatrún.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar na smaointe atá agat féin i dtaca le ball faisin inchaite a chruthú faoi thionchar ealaín réamh-Chríostaí na hÉireann. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Tá dearadh na hoifige nua-aimseartha i ndiaidh forbairt de réir a chéile chun spásanna oibre a chruthú ar féidir leo fostaithe a spreagadh agus cur lena gcuid cruthaitheachta.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat do na híomhánna ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Bíodh tagairt i do fhreagra don fheidhm, don spás, don leagan amach agus do dhathanna.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar na smaointe dearaidh atá agat le haghaidh spás staidéir nó spás leabharlainne i do scoil féin.
*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Is é is cuspóir do chlúdach leabhair ná aird duine a léifeadh an leabhar a tharraingt agus tuairim a thabhairt d'ábhar an leabhair.
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagairt agat don ***léaráid atá ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt i do fhreagra do na híomhánna, don leagan amach, don chlóghrafaíocht agus do dhathanna.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar na smaointe físe atá agat do chlúdach leabhair a bheadh bunaithe ar stíl ealaíne nó ar ghluaiseacht ealaíne a bhfuil eolas agat uirthi.
*Léirigh do fhreagra.*

Leathanach Bán

Leathanach Bán